# *LABHAIR Í. IS LINNE Í*

## Fáinne Gaeilge an Gharda Síochána

### Ceisteanna Coitianta

1. **Cad é *Fáinne Gaeilge an Gharda Síochána*:**
   Is siombail aitheanta é suaitheantas bioráin an Fháinne a léiríonn nasc leis an nGaeilge agus caitear é le taispeáint go bhfuil líofacht sa teanga nó toilteanas an teanga a labhairt, fiú mura bhfuil ann ach cúpla focal. D'fhorbair an Garda Síochána, i gcomhar le Conradh na Gaeilge, trí shuaitheantas bioráin: an Fáinne Óir, an Fáinne Airgid agus an Fáinne Cúpla Focal, go sonrach don eagraíocht.

2. **Cén chuma a bheidh air?**








An Fáinne Óir An Fáinne Airgid An Fáinne Cúpla Focal

3. **An raibh an Fáinne á chaitheamh riamh roimhe seo ag na Gardaí?**
   Bhí.

4. **Cé mhéad Garda a chaith an Fáinne roimh an tionscnamh seo?**
   Ní fios.

5. **Cé a chaithfidh an Fáinne?**
   Gach fostaí ar mian leo an Fáinne a chaitheamh. Áirítear leis sin comhaltaí faoi mhionn, Foireann an Gharda Síochána agus Comhaltaí Chúltaca an Gharda.

6. **Cathain a bheidh an Fáinne á chaitheamh - i stáisiúin amháin, ar an stádar, i ngach cás**?
   Is féidir an Fáinne a chaitheamh ar dualgas i ngach cás a mheastar a bheith oiriúnach.

7. **Cén áit is féidir an Fáinne a fheiceáil ar an éide?**
   Caithfear an Fáinne ar an bpóca brollaigh deas ar éide an Gharda.

8. **An féidir Fáinne Gaeilge an Gharda Síochána a chaitheamh nuair nach bhfuiltear ar dualgas?**
   Ní féidir. Beidh Fáinne Gaeilge an Gharda Síochána mar chuid den éide.

9. **Conas is féidir le duine cáiliú don Fháinne Óir, an Fáinne Airgid nó an Fáinne Cúpla Focal?**
   Chuir Conradh na Gaeilge, riarthóirí an Fháinne, na treoirlínte ginearálta seo a leanas maidir leis an gcaighdeán a bhfuil súil leis dóibh siúd ar mian leo an Fáinne Óir, an Fáinne Airgid agus an Fáinne Cúpla Focal a chaitheamh

   Tugann an Fáinne Óir le fios gur cainteoir Gaeilge líofa thú.
   Tá an Fáinne Airgid oiriúnach dóibh sin a bhfuil cumas bunúsach sa Ghaeilge acu.

   Tá an Fáinne 'Cúpla Focal' ar fáil dóibh sin a bhfuil beagán Gaeilge acu agus iad bródúil as an gcúpla focal atá acu.

10. **An ndéantar scrúdú tríd an eagraíocht nó trí Chonradh na Gaeilge le cáiliú?**
    Is féidir le fostaithe dul i dteagmháil le hOifig na Gaeilge chun clárú. Ní dhéantar aon scrúdú foirmiúil go hinmheánach nó go seachtrach.

11. **Cén leibhéal seirbhíse as Gaeilge ar féidir leis an bpobal a bheith ag súil leis agus an Fáinne Óir á chaitheamh ag comhalta?**
    Ní mór do chomhaltaí a chaitheann an Fáinne Óir a bheith in ann comhrá a dhéanamh go compordach le cainteoirí Gaeilge. Beidh siad in ann déileáil go héifeachtach le cainteoirí Gaeilge sa chuid is mó cúinsí, ach seans go mbeidh orthu Béarla éigin a úsáid nuair a bhíonn téarmaíocht phóilíneachta/theicniúil á húsáid.

12. **Cén leibhéal seirbhíse as Gaeilge ar féidir leis an bpobal a bheith ag súil leis agus an Fáinne Airgid á chaitheamh ag comhalta?**
    Ba chóir do chomhaltaí a chaitheann an Fáinne Airgid a bheith in ann sonraí bunúsacha a ghlacadh as Gaeilge, cosúil le hainm, seoladh agus uimhir ghutháin agus iarrataí simplí a thuiscint a dhéanann baill an phobail. Ba chóir dóibh a bheith in ann a mhíniú nach bhfuil ach leibhéal bunúsach Gaeilge acu agus iad a chur i dteagmháil le comhalta líofa, nó le seirbhís ateangaireachta an Gharda Síochána.

13. **Cén leibhéal seirbhíse as Gaeilge ar féidir leis an bpobal a bheith ag súil leis agus an Fáinne Cúpla Focal á chaitheamh ag comhalta?**
    Tuigfidh an pearsanra a chaitheann an Fáinne Cúpla Focal focail agus abairtí bunúsacha as Gaeilge ach ní bheidh siad in ann feidhmiú go héifeachtach sa teanga. D'ainneoin sin, déanfaidh an pearsanra atreorú go comhalta líofa, nó go seirbhís ateangaireachta na heagraíochta.

14. **Conas is féidir le ball foirne an Gharda Síochána / Garda Fáinne a fháil?**
    Is féidir le gach fostaí de chuid an Gharda Síochána Fáinne a fháil trí teagmháil a dhéanamh le hOifig Gaeilge an Gharda Síochána. Níl dhéantar aon tástáil fhoirmiúil go hinmheánach nó go seachtrach.

15. **An mbeartaítear go ndéanfaidh iad siúd a bhfuil an Fáinne Airgid á chaitheamh acu anois dul chun cinn agus an Fáinne Óir a bhaint amach?**
    Táthar ag súil go mbeidh an pearsanra spreagtha chun an Fáinne Óir a bhaint amach, ach níl aon dualgas ar na comhaltaí amhlaidh a dhéanamh.

16. **Conas a dhéanfar é sin?**
    Tabharfar spreagadh agus tacaíocht do chomhaltaí a scileanna teanga a fheabhsú, bealach éigin chuige sin ná trí acmhainn Ghaeilge ar líne nua a chur ar fáil don phearsanra go léir.

17. **An mbeidh spriocdháta air sin?**
    Ní bheidh

18. **An mbeidh caitheamh an Fháinne teoranta ar aon bhealach?**
    Ní bheidh, ní chuirfear teorainn air ar shlí ar bith. Cuirfear an Fáinne ar fáil freisin don phearsanra in aonaid speisialaithe, ach níor chóir do chomhaltaí sna hionaid sin an Fáinne a chaitheamh ach nuair a mheastar is cuí.

19. **Cén fheidhm a bheidh aige i measc fhoireann an Gharda Síochána / chomhaltaí Chúltaca an Gharda Síochána?**
    Idirghníomhaíonn Foireann an Gharda Síochána agus Comhaltaí Chúltaca an Gharda Síochána le baill an phobail ar bhonn rialta agus nuair a chaitear an Fáinne léireoidh sé sin a gcumas agus toilteanas chun pé Gaeilge atá acu a úsáid.

20. **Cén fáth ar ghlac an Garda Síochána an cinneadh an Fáinne a thabhairt isteach?**
    Seoladh an tionscnamh seo chun tacú lenár n-iarrachtaí ar thacú le húsáid na Gaeilge san eagraíocht agus sa phobal i gcoitinne agus é a mhéadú agus a chur chun cinn.
    Is aidhm leis an tionscnamh seo spreagadh a thabhairt don phearsanra go léir pé Gaeilge atá acu a úsáid agus bealach éifeachtach a sholáthar do bhaill an phobail chun an pearsanra le Gaeilge a aithint gan stró.

21. **Céard a bhfuil muid ag súil lena bhaint amach tríd an tionscnamh seo?**
    Is í an aidhm atá againn leis an tionscnaimh seo ná spreagadh a thabhairt don phearsanra go léir pé Gaeilge atá acu a úsáid agus bealach éifeachtach a sholáthar do bhaill an phobail chun an pearsanra le Gaeilge a aithint gan stró.

    Is mian leis an nGarda Síochána éiteas tacúil a chruthú a spreagann an fhoireann an teanga a úsáid ina measc féin agus feidhmiú trí mheán na Gaeilge nuair is féidir.

22. **Cén fáth ar tugadh an tionscnamh seo isteach anois?**
    Mar fhórsa póilíneachta na tíre, tuigimid an tábhacht a bhaineann le seirbhísí dátheangacha a chur chun cinn agus na seirbhísí sin a chur ar fáil go gníomhach trí thionscnamh an Fháinne. Tá idirghníomhaíocht éifeachtach le pobal na Gaeilge ríthábhachtach chun seirbhís póilíneachta ardchaighdeáin a sholáthar do na pobail sin. Aithnímid freisin an tábhacht a bhaineann le tacaíocht a thabhairt d'fhostaithe an teanga a fhoghlaim agus deiseanna a thabhairt dóibh í a úsáid le comhghleacaithe.

23. **An raibh éileamh ann ón bpobal don tseirbhís seo?**
    Ní raibh.

24. **Cén leibhéal seirbhíse as Gaeilge a theastaíonn chun gur gá an tionscnamh seo a thabhairt isteach go céimneach? - An féidir é a thomhas?**
    Cé nach bhfuilimid faoi oibleagáid dhlíthiúil ár seirbhísí dátheangacha a chur ar fáil agus a chur chun cinn go gníomhach, creidimid go bhfuil sé tábhachtach amhlaidh a dhéanamh. Ciallaíonn idirchaidreamh éifeachtach a dhéanamh lenár bpobail Ghaeltachta na seirbhísí a thairiscint dóibh agus a chur chun cinn ionas go mbeidh siad in úsáid.

25. **Cé a dhéanfaidh maoirseacht ar an tionscnamh seo?**
    Oifig Choimisinéir Cúnta Réigiún an Iarthuaiscirt / Oifig na Gaeilge an Gharda Síochána.

26. **An mbeidh iallach ar chuid den phearsanra an Fáinne a chaitheamh**
    Scéim dheonach atá i gceist leis seo agus ní bheidh ar aon fhostaí an Fáinne a chaitheamh. Cinneadh pearsanta a bheidh i gceist. Leanfaimid ag spreagadh fostaithe an Fáinne a chaitheamh. Táimid ag súil go mbeidh níos mó daoine spreagtha chun an Fáinne a chaitheamh nuair a fheiceann siad a gcomhghleacaithe á chaitheamh agus nuair a thugtar an tacaíocht chuí dóibh, áireofar leis sin deiseanna chun a scileanna Gaeilge a fheabhsú trí chúrsaí a thabharfar isteach de réir a chéile in 2022.

27. **Cá mbeidh a thuilleadh eolais ar fáil faoin bhFáinne?** – http://www.garda.ie/!DEK3PN

28. **An mbeidh a fhios againn an bhliain seo chugainn cé mhéad Fáinne Óir atá á gcaitheamh in 2022 i gcomparáid le 2021?**
    Déanfaidh an Garda Síochána monatóireacht ar an méid pearsanra a chaitheann an Fáinne agus an dul chun cinn a dhéanann iad siúd a aistríonn ó Fháinne amháin go dtí an chéad cheann eile.

# *LABHAIR Í. IS LINN Í*

## Fáinne Gaeilge an Gharda Síochána

### FAQs

1. **What is *Fáinne Gaeilge An Gharda Síochána* :**
   The Fáinne pin badge is a recognised symbol that demonstrates a link to the Irish language and is worn to show fluency in or a willingness to speak the language even if that is just a few words. An Garda Síochána in conjunction with Conradh na Gaeilge, has developed three pin badges, the Gold Fáinne, the Silver Fáinne and the Cúpla Focal Fáinne specifically for the organisation.

2. **What will it look like?**



Gold Fáinne



Silver Fáinne




Cúpla Focal Fáinne

3. **Was the Fáinne ever worn by Gardaí before today?**
   Yes.

4. **How many Gardaí were wearing the Fáinne prior to this initiative?**
   The number is not known.

5. **Who will wear the Fáinne?**
   All employees who wish to wear a Fáinne. This includes sworn members, Garda Staff and Garda Reserve Members.

6. **When will the Fáinne be worn - in stations only, on the beat, in all situations?**
   The Fáinne can be worn in all situations, deemed appropriate.

7. **Where on the uniform can the public find the Fáinne?**

   The Fáinne will be worn on the right breast pocket of the Garda uniform.

8. **Will Fáinne Gaeilge an Gharda Síochána be worn while off duty?**
   No. Fáinne Gaeilge an Gharda Síochána will form part of the uniform.

9. **How does one qualify for the Gold Fáinne, Silver Fáinne or Cúpla Focal Fáinne?**
   Conradh na Gaeilge, the administrators of the Fáinne have given the following general guidelines on the expected standard for those who wish to wear the Fáinne Óir, Fáinne Airgid and Cúpla Focal Fáinne.
   The Gold Fáinne indicates that you are a fluent Irish speaker.

   The Silver Fáinne is suitable for those who have a basic ability in Irish.

   The 'Cúpla Focal' Fáinne is available to those with a small amount of Irish who are proud of the cúpla focal they have.

10. **Is there a test through the organisation or through Conradh na Gaeilge to qualify?**

Employees can opt in by contacting the Irish Language Office. There is no formal test internally or externally.

11. **What level of service in Irish can the public expect from a member with the Gold Fáinne?**

    Members wearing the Gold Fáinne must be able to converse comfortably with Irish speakers. They will be able to deal effectively with Irish-speakers in most situations but may need to use some English when using policing/ technical terminology.

12. **What level of service in Irish can the public expect from a member with the Silver Fáinne?**

    Members wearing the Silver Fáinne should be able to take basic details in Irish, name, address and phone number and understand the essence of simple requests from members of the public. They should be able to explain that they only have a basic level of Irish and will refer them to a fluent speaking member, or to the organisation's interpretation service.

13. **What level of service in Irish can the public expect from a member with the Cúpla Focal Fáinne?**
    Personnel wearing the Cúpla Focal Fáinne will understand basic words and phrases in Irish but will not be able to function effectively in the language. Personnel will however make referral to a fluent speaking member, or to the organisation's interpretation service.

14. **How does a Garda / Garda staff member get a Fáinne?**
    All Garda employees can opt in by contacting An Garda Síochána's Irish Language Office. There is no formal test internally or externally.

15. **Is it proposed that those who have a Silver now, will progress to a Gold standard?**
    It is hoped that personnel will be motivated to progress to a Gold Fáinne, however, there is no onus on members to do so.

16. **How will that be done?**
    Members will be encouraged and supported to improve their language skills one such way will be through a new online Irish language resource available to all personnel.

17. **Will there be deadlines on this?**
    No

18. **Will the wearing of the Fáinne be limited in any way?**
    No, it will not be limited in any way. The Fáinne will be made available to all personnel including specialist units, but members in these units should only wear the Fáinne when deemed appropriate.

19. **What will its function among Garda staff / Garda Reserve members be?**
    Garda Staff and Reserve Members engage with members of the community on a regular basis and wearing the Fáinne will indicate to their ability and willingness to use whatever Irish they have.
20. **Why has An Garda Síochána decided to bring in the Fáinne?**
    This initiative has been launched to further our efforts to support, increase and promote the use of the Irish language within the organisation and the wider community.
    The goal of this initiative is to encourage all personnel to use whatever Irish they have and to provide an effective way for members of the public to identify Irish-speaking personnel easily.

21. **What is hoped to be achieved through this initiative?**
    We wish to encourage all personnel to use whatever Irish they have and to provide an effective way for members of the public to identify Irish-speaking personnel easily.

An Garda Síochána aim to create a supportive ethos that encourages staff to use the language among themselves and to function through the medium of Irish whenever possible.

**22. Why has this been introduced now?**
As the country's police force we understand the importance of promoting bilingual services and actively offering those services through the Fáinne initiative. Effective engagement with the Irish speaking community is vital to providing a high quality policing service to those communities. We also recognise the importance of supporting employees to learn the language and provide opportunities for them to use it with colleagues.

**23. Was there a demand from the public for this service?**
No.

**24. What level of service in Irish is requested to merit this roll out? – Can it be quantified?**
Although we are not legally obliged to actively offer and promote our bilingual services we believe that it is important to do so. Engaging effectively with our Gaeltacht communities means actively offering and promoting the services which in turn will lead to their use.

**25. Who will have oversight of this Initiative?**
Office of Assistant Commissioner North Western Region / Irish Language Office

**26. Will some personnel be required to wear a Fáinne?**
This is a voluntary scheme and no employee will be required to wear a Fáinne. It will be a personal decision. We will continue to encourage employees to wear a Fáinne. We anticipate that more people will be inspired to wear a Fáinne once they see other colleagues wearing it and are given the right support, this will include opportunities to improve their Irish language skills through courses which will be rolled out in 2022.

**27. Where can I get more information about the Fáinne** – http://www.garda.ie/!DEK3PN

**28. Will we know next year how many more Gold Fáinne's are being worn in 2022 compared with 2023?**
An Garda Síochána will monitor the number of personnel wearing the Fáinne and the progression of those who go from one Fáinne to the next.